An Grá Faoi Ghlas, Aonad 5

Ar an gcúigiú lá tá muintir an tí ag díriú anois ar na páirtithe ar mhaith leo a mhealladh sna laethanta atá romhainn. Tá Aingeal agus Stiofán ag réiteach le chéile go h-iontach.

Aingeal: Agus an bhfuil tú i hbfad ag déanamh ióga?
Stiofán: Tá mé aige anois le cúig bliana anuas.
Aingeal: Rinne mé cúrsa na blianta ó shin ach níor lean mé leis.
Stiofán: Ba chóir duit. Tá ióga go h-iontach idir anam agus corp.
Aingeal: "Idir anam agus corp". Tá sé sin go deas. Ach tá an ceart agat. Ba chóir dom triail a bhaint as arís.
Stiofán: Táim cinnte go mbeadh tú (go mbeifeá?) go h-iontach aige. Tá corp breá lúfar agat.
Aingeal: Ó, go raibh maith agat.
Stiofán: Ar aon nós, tá mise ag dul a imirt leadóg bhoird le Máirtín. Feicfidh mé ar ball thú.
Aingeal: Slán go fóillín.
Stiofán: Aingeal?
Aingeal: 'Sea.
Stiofán: Tá an dath sin go h-álainn ort.
Aingeal: Ó, go raibh maith agat.

Aingeal: Tá an ceart ag Stiofán faoin ióga. Ba chóir dom leanúint leis. Táim beagán as cleachtadh. Caithfidh mé labhairt le Stiofán faoi.
Agallóir: Tá tú an-tógtha le Stiofán, nach bhfuil?
Aingeal: Bhuel, tá sé go deas labhairt le fear a thugann rudaí faoi deara.
Agallóir: Ar nós?
Aingeal: Ar nós cén dath léine atá ort. Formhór na bhfear ní fheiceann siad rudaí mar sin ar chor ar bith.

Darren: Haigh, a Shorcha.
Sorcha: Cad é mar a tá tú?
Darren: Go maith, agus tú féin?
Sorcha: Go breá.
Darren: Leabhar maith é?
Sorcha: Tá sé iontach maith.
Darren: Scéal rómánsúil?
Sorcha: Tá sé cineál rómánsúil, ach tá tragóid ann chomh maith.
Darren: Cén cineál leabhair a léann tú?
Sorcha: Darren, táim ag iarraidh a bheith ag léamh, liom féin. Maith go leor?
Darren: Togha. Gabh mo leithscéal.

Rita: Ó, an bhfuilim ag cur isteach ar rud éigin?
Aingeal: Níl.
Rita: An ndéanann tú gach lá é?

Aingeal: Ní dhearna mé le blianta go dtí inniu é. Tá an-suim ag Stiofán sa ióga.
Rita: So, an bhfuil suim aige ionat?
Aingeal: Bhuel, is maith leis a bheith ag caint liom.
Rita: Agus sin an méid atá sibh ag déanamh – ag caint?
Aingeal: 'Sea, go fóill.
Rita: Bhuel b'fhearr duit bog ar aghaidh ón gcaint, a chailín.
Aingeal: Níl Stiofán mar sin.
Rita: "Níl Stiofán mar sin"! Ha!

Sorcha: Níl a fhios agam cad chuige a tháinig mé anseo ar chor ar bith.
Stiofán: Tá tú ag lorg an ghrá, nach bhfuil?
Sorcha: Tá, ach ní mar seo. Bhí mé gránna le Darren tamall ó shin.
Stiofán: Tusa gránna le duine éigin?
Sorcha: Ní fhaca tú a dhath go fóill. [I feel] mar phríosúnach san áit seo. Níl spás ar bith agam dom féin.
Rita: Níl Stiofán mar sin.

Aingeal: Tá ióga go h-iontach (ceithre uair)

Ceisteanna:

1. Cén fhad atá Stiofán ag déanamh ióga?
2. Cén fáth a chreideann Stiofán go mbeadh Aingeal go maith ag ióga?
3. Cad chuige a mheasann Aingeal nach bhfuil Stiofán cosúil le formhór na bhfear?
4. Cén cineál leabhair atá Sorcha ag léamh?
5. Cad chuige a éiríonn Sorcha gránna le Darren?
6. Cén fáth a bhfuil Aingeal ar buile le Stiofán ag an ndeireadh?

Ag tabhairt tuairimí:

An maith leat Stiofán? Cén fáth?
An aontaíonn tú leis an gcomhairle a thugann Rita d'Aingeal faoina caidreamh le Stiofán?